C/2025/5638

20.10.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5638)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Aceite del Baix Ebre-Montsià/Oli del Baix Ebre-Montsià'

Uimhir Thagartha an Aontais: PDO-ES-0274-AM01 — 31.7.2025

1. **Ainm an táirge**

'Aceite del Baix Ebre-Montsià/Oli del Baix Ebre-Montsià'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ TGFC

☑ ATFC

☐ TÁSC GEOGRAFACH

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír lena mbaineann an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Roinn Talmhaíochta, Bheostoic, Iascaigh agus Bia – Rialtas na Catalóine

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Cáilíonn seo mar leasú caighdeánach toisc nach ndéanann na trí athrú difear don ainm faoi chosaint ná don nasc, ná nach mbíonn srianta méadaithe ar thrádáil an táirge mar thoradh orthu.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Aigéadacht uasta a laghdú

Tuairisc

Athrú ar thábla shaintréithe fisiciceimiceacha na hola olóige a chumhdaítear leis an ATFC, atá le feiceáil i roinn B (Tuairisc ar an táirge) den tsonraíocht agus i roinn 3.2 den doiciméad aonair.

Laghdaíodh aigéadacht uasta na hola ó 0,80 % go 0,60 %.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Rinneadh an cinneadh na huasluachanna aigéadachta a bhfuil glacadh leo a ísliú, bunaithe ar an taithí a fuarthas agus ar an líon mór samplaí a ndearnadh anailís orthu le déanaí.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Paraiméadar K232 a scriosadh

Tuairisc

Scriosadh paraiméadar K232 mar pharaiméadar cáilíochta sonrach le haghaidh ATFC. Cinneadh an t-uasluach ceadaithe K232 (2,0 faoi láthair) a mhéadú chun é a thabhairt i gcomhréir leis an uasmhéid a leagtar síos sa reachtaíocht Eorpach (2,5 faoi láthair). Dá réir sin, ní ceanglas sonrach é a thuilleadh maidir le hola olóige ATFC agus dá bhrí sin baineadh é de thábla na saintréithe fisiciceimiceacha.

Ar bhonn na taithí a fuarthas, rinneadh an cinneadh luach K232 a leasú, ar paraiméadar é a thomhaiseann méid ocsaídiúcháin na hola agus an chaoi a bhforbraíonn sí. Dá réir sin, is paraiméadar é ar mó an bhaint atá aige le coinníollacha stórála na hola ná leis an bpróiseas táirgthe. Sin é an fáth ar measadh gurbh iomchuí paraiméadar cáilíochta eile a chur in ionad K232 i dtábla na saintréithe fisiciceimiceacha: an cion eistir eitile.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Paraiméadar ‘eistear eitile’ a chur leis

Tuairisc

Cuireadh cion eistir eitile leis mar tháscaire cáilíochta fisiciceimiceach; is paraiméadar cáilíochta eile é seo atá nasctha go dlúth le próisis choipthe a bheith sna hológa. Socraítear an teorainn ag 30 mg/kg, atá níos ísle ná an t-uasmhéid a leagtar síos faoi láthair le rialacháin Eorpacha maidir le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh ola olóige, lena soláthraítear uasmhéid 35 mg/kg le haghaidh olaí olóige úríona.

Is léiriú iad comhchruinnithe d’eistir eitile ar phróisis choipthe sna hológa. Dá bhrí sin, tá siad ábhartha maidir le táirgeadh ola olóige ar ardcháilíochta. Is paraiméadar níos fearr é chun measúnú a dhéanamh ar an bpróiseas táirgthe le haghaidh táirge ardcháilíochta, sa gharrán ológ – i gcás ina bhfuil gá le hológa an-sláintiúil a fháil – agus maidir le cé chomh tapa agus a dhéantar an phróiseáil sa mhuileann.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

An roinn ‘Ceanglais dhlíthiúla’ a scriosadh

Tuairisc

Leis an leasú ar an tsonraíocht táirge, tugadh deis an roinn ‘Ceanglais dhlíthiúla’ a scriosadh toisc nach bhfuil sé éigeantach faoi Rialachán (AE) 2024/1143.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Aceite del Baix Ebre-Montsià/Oli del Baix Ebre-Montsià’

Uimhir Thagartha an Aontais: PDO-ES-0274-AM01 — 31.7.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Aceite del Baix Ebre-Montsià/Oli del Baix Ebre-Montsià’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TÁSC GEOGRAFACH

3. **An tír lena mbaineann an limistéar geografach sainithe**

an Spáinn

4. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

1509 20 — Ola olóige úríon

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Ola olóige úríon a fhaightear ó thoradh chrann olóige an speicis *Olea europaea* L., de na trí chineál dhúchasacha seo a leanas: Morruda nó Morrut, Sevillenca agus Farga, agus eastóscadh á dhéanamh trí phróisis mheicniúla nó trí phróisis fhisiceacha eile nach n-athraíonn an ola, ach a chaomhnaíonn blas, cumhracht agus saintréithe na dtorthaí óna bhfaightear í.

Tá na trí chineál dúchasach do limistéar geografach ATFC agus ní fhaightear iad ach ó am go chéile sna ceantair máguaird.

Tá na saintréithe seo a leanas ag an táirge:

Saintréithe orgánaileipteacha:

Dealramh – Glan, trédhearcach, gan aon mhodarthacht ná moirtiúlacht

Dath – Athraíonn sé sin de réir am na buainte agus ar an suíomh geografach laistigh den limistéar táirgthe, ó ghlasbhuí go buí órga.

Blas – Tá na hológa blasta (meánsearbh, géar agus searbh) agus an-aramatach (saibhir i ndea-bholaithe tánaisteacha glasa), le blas torthaíoch ag tús na bliana bairr, ag forbairt milseacht bheag de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh.

Scór íosta an phainéil blaiste – 6,5

Airíonna fisiciúla agus ceimiceacha:

Aigéadacht – ≤ 0,60

Luach sárocsaíde (mEq O_2/kg) – ≤ 18

K_{270} – ≤ 0,20

Taise agus substaintí so-ghalaithe (%) – ≤ 0,20

Eisíontais (%) – ≤ 0,10

Eistir eitile (mg/kg) – ≤ 30

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de bhunadh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na hológa a fhás agus an táirge a phróiseáil laistigh den limistéar geografach amháin a shainmhínítear i bpointe 4.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, slisniú, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Tá sé fíor-riachtanach go ndéantar an ola olóige a phacáistiú sa limistéar geografach táirgthe ar a dtugtar tuairisc i bpointe 4.

Is é an aidhm atá ann tionscnamh agus cáilíocht bhunúsach na hola a ráthú trí iompar ar an mórchóir lasmuigh den limistéar táirgthe a sheachaint. Is táirge í ola olóige ATFC atá an-íogair do shubstaintí eachtracha as a n-eascraíonn athruithe agus leasuithe amhail ocsaídiú. Is é an toradh a bheadh ar an gcineál iompair sin go mbeadh an ola faoi réir dálaí comhshaoil mí-oiriúnacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá saintréithe céadfacha.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór ainm ainmniúchán 'Aceite del Baix Ebre-Montsià' (i Spáinnis) nó 'Oli del Baix Ebre-Montsià' (i gCatalóinis) a thaispeáint ar an bpacáistíocht, mar aon leis na focail 'Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint' nó 'ATFC' sa bhreis ar an bhfaisnéis de chineál ginearálta a cheanglaítear sa reachtaíocht ábhartha.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Cuimsíonn an limistéar táirgthe talamh atá suite i gceantair Baix Ebre agus Montsià, atá araon i gcúige Tarragona, atá suite ag an bpointe is faide ó dheas de Phobal Féinrialaitheach na Catalóine, atá ar theorainn cheantair Baix Maestrat (cúige Castellón) agus Matarraña (cúige Teruel).

Dá réir sin, áirítear na bardais seo a leanas sa limistéar geografach seo:

Baix Ebre – Aldea, Aldover, Alfara de Carles, Ametlla de Mar, Ampolla, Benifallet, Camarles, Deltebre, Paüls, Perelló, Roquetes, Tivenys, Tortosa agus Xerta.

Montsiá – Alclanar, Amposta, Freginals, La Galera, Godall, Mas de Barberans, Masdenverge, Sant Carles de la Rápita, Sant Jaume d'Enveja, Santa Barbara, La Sénia agus Ulldecona.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Tá an nasc idir an ola agus an limistéar geografach bunaithe ar stair fhada an tsaothraithe ológ agus an táirgthe ola sa limistéar, chomh maith le saintréithe nádúrtha an limistéir gheografaigh.

Go stairiúil: Ní mór tionscnamh garrán ológ sa Chatalóin agus go háirithe i gceantair Baix Ebre agus Montsià a lua leis na hArabaigh. Go deimhin, is léir gur focal de thionscnamh Araibis é ceann de na hainmneacha sa Spáinnis le haghaidh muileann ola olóige ('almazara').

Sa cheathrú haois déag, bhí an talmhaíocht i gceantair Baix Ebre agus Montsià bunaithe ar fhás ológ agus fíniúnacha, mar a léirigh an staraí bisiúil Enric Bayerri ina *Historia de Tortosa y su comarca* ('Stair Tortosa agus a Cheantar'). Luann Bayerri fardal oifigiúil sócmhainní a chuir sráidbhailte an limistéir ar ais in 1353 'áit ar dhearbhaigh an chuid is mó acu garrán olóige, fíonghort, nó an dá rud'. Is leis na fíniúnacha, le carúb agus go háirithe le garráin ológ, i dteannta a chéile go minic, a gineadh an phríomhghníomhaíocht sa limistéar agus chumhdaigh siad beagnach an talamh ar fad. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é Tortosa príomhchathair cheantar Baix Ebre, mar a thugtar air anois.

Luaitear freisin in 'Historia de Tortosa y su comarca' [Stair Tortosa agus a Cheantar] le Enric Bayerri (1958) 'go raibh 1 135 mhuileann ola in Tortosa agus i sráidbhailte an cheantair go luath in 1931, le comh-aschur muilleála 83 626 042 kg d'ológa, coibhéiseach le 126 323 kg in aghaidh an mhuilinn ar an meán'. Bheadh sé sin coibhéiseach le 16,6 tona ola san iomlán a tháirgeadh, agus 25 000 kg in aghaidh an mhuilinn ar an meán.

Ina shaothair *El aceite de oliva de España* ('Ola olóige sa Spáinn') (1961) agus *El problema del aceite virgen de oliva* ('Fadhb na hola olóige íon') (1967) molann Daniel Mangrané cáilíocht na n-olaí ó cheantar Baix Ebre. Sna na leabhair sin leagtar béim ar 'Mhargadh ollmhór ola olóige Tortosa, arbh é an chéad limistéar é chun olaí olóige míne a tháirgeadh agus a mhargú, agus ina raibh naoi dtrádálaí déag aitheanta ag déileáil go heisiach le hola, a díoladh leis na Spáinnigh agus leis na Francaigh araon'. Ina theannta sin, spreag cáilíocht na n-olaí olóige na máistir-dhéantóirí ola scoil a bhunú, ag tabhairt comhairle do bhailte eile in ealaín na déanta ola 'ós rud é gur ón limistéar sin a tháinig an ola is fearr, mhúin siad an modh táirgthe in Toledo, Aragón Íochtarach agus i gcúige Lérida'.

Tagann Estación Olivarera (lárionad ola) in Tortosa agus an t-ionad teicniúil le haghaidh saothrú ológ agus táirgeadh ola ón tréimhse sin. Sa réamhrá a ghabhann le hobair fhoilsithe ar tháirgeadh ola olóige, tarraingíonn Stiúrthóir na n-ionad sin, an t-innealtóir Isidro Aguiló, aird ar 'cháil dhomhanda olaí ó Baix Ebre, an chéad cheantar sa Spáinn chun teicnící táirgthe ola a fhorbairt ag teochtaí ísle, agus traidisiún fada an táirgthe ola atá mar chúlra d'fhás forleathan ológ, go háirithe timpeall Tortosa, Roquetes agus limistéir atá taobh leis'. Bhí clú domhanda ar na hionaid sin in earnáil na hola olóige ag an am, a bhuí leis an iliomad tuarascálacha agus staidéar a rinne siad, agus lena rannpháirtíocht i gcomhdhálacha (e.g. an chomhdháil idirnáisiúnta um fhás ológ sa Róimh).

Ó thaobh an nádúir de, fágann gnéithe comhshaoil nádúrtha an limistéir mar aon le cineálacha áitiúla an limistéir gheografaigh a shainítear in ATFC, Morruda nó Morrut, Sevillanca agus Farga, a rian ar shaintréithe na hola.

Déanann siad amhlaidh mar a leanas: cuireann saintréithe na hithreach, go háirithe an cion íseal cothaitheach, mar aon le haeráid an limistéir, go háirithe an ghaoth, ar toisc aeráide shainiúil í (na gaotha 'dalt' nó 'mistral' tirime agus marthanacha atá láidir san fhómhar agus sa gheimhreadh, a threoraítear le lagrach Ebro agus a bhrostaítear le rilíf an limistéir), brú ar fhás na gcrann ológ, rud a chuireann borradh faoi chéatadán na bpolaifeanól sna torthaí. Is é an toradh a bhíonn air sin ná ola shainiúil, atá saibhir i ndea-bholaithe glasa tánaisteacha agus a bhfuil blas measartha searbh, géar agus láidir uirthi.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://agricultura.gencat.cat/web/.content/al_alimentacio/al02_qualitat_alimentaria/normativa-dop-igp/plecs-vigor/pliego-condiciones-dop-aceite_baix_ebre-montsia_modificacion1_normal_2025-ES.pdf